Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2025 (OR. es)**

**9260/25**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0169(COD)**

**JUSTCIV 102**
**JAI 653**
**EJUSTICE 31**
**CODEC 657**
**FREMP 133**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta<br>- Cur chuige ginearálta páirteach<br>- Ráiteas ón Spáinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an ráiteas ón Spáinn le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle.

**Rialachán maidir le daoine fásta a chosaint**

Tá an Spáinn ar aon intinn leis na cuspóirí a shaothraítear leis an togra le haghaidh Rialacháin chun feabhas a chur ar an gcóir a chuirtear ar dhaoine fásta i gcásanna trasteorann a bhaineann le lagú nó neamhdhóthanacht a gcumas pearsanta.

Mar sin féin, ní féidir linn tacú leis an gcur chuige páirteach atá beartaithe. Measaimid nach bhfuil an téacs atá beartaithe uaillmhianach go leor agus gur cheart go rachadh sé níos faide, agus na prionsabail atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas á gcur san áireamh, atá, ó glacadh é in 2006, bunaithe ar urraim do neamhspleáchas daoine, ar a bhféinchinntiúchán, agus ar bhearta tacaíochta a bhunú, lena n-áirítear bearta neamhfhoirmiúla, lena n-urramaítear toil agus mianta daoine faoi mhíchumas.